



COIGILTEAS
STÁIT NA
hÉIREANN

IRELAND
STATE
SAVINGS

An Chuideachta Duais-Bhannaí Cuideachta Gníomhaíochta Ainmnithe

Tuarascálacha agus Ráitis Airgeadais
don bhliain airgeadais dar críoch
31 Nollaig 2025

Tuarascálacha Agus Ráitis Airgeadais

don bhliain airgeadais dar chríoch an 31 Nollaig 2025

Clár	Leathanach
Faisnéis Chorporáideach	2
Ráiteas ón gCathaoirleach	3 - 4
Tuarascáil na Stiúrthóirí	5 - 6
Ráiteas maidir le Freagrachtaí na Stiúrthóirí	7
Tuarascáil an Iniúcháir Neamhspleách	8 - 10
Ráiteas Ioncaim	11
Ráiteas ar Staid an Airgeadais	12
Ráiteas ar Athruithe sa Chothromas	13
Ráiteas maidir le Sreafaí Airgid	14
Nótaí leis na Ráitis Airgeadais	15 - 20
Faisnéis bhreise – neamhiniúchta	21 - 25

Faisnéis Chorporáideach

Stiúrthóirí

Debbie Byrne
Martin Ryan

Mary O'Connell
Ivo O'Sullivan
John Rice
Sharon Kelly
Dave McEvoy

Thomas Anthony Linehan

Rúnaí

Gillian Skehill

Oifig Chláraithe

Ard-Oifig an Phoist, Sráid Uí Chonaill, Baile Átha Cliath 1, D01 F5P2

Ionaid Oibriúcháin

Bóthar Uíbh Ráthaigh, Cill Orglan, Co. Chiarraí, V93 WN9T
Ard-Oifig an Phoist, Sráid Uí Chonaill, Baile Átha Cliath 1, D01 F5P2

Iniúcháir

Deloitte Ireland LLP, Cuntasóirí Cairte agus Gnólacht Iniúcháireachta Reachtúil,
Deloitte & Touche House, Ardán Phort an Iarla, Baile Átha Cliath 2, D02 AY28

Baincéirí

Banc na hÉireann

Aturnae

Lisa Gallagher

Suíomh Gréasáin

www.StateSavings.ie

Uimhir Chláraithe

144332

Tá áthas orm feidhmíocht airgeadais dhearfach a thuairisciú don bhliain 2025. Ba é €4.41bn luach an chiste a bhí amuigh ar an 31 Nollaig 2025, gan mórán athraithe ón mbliain roimhe sin. Ba iad na díolacháin don bhliain ná €365m, méadú 3.9% i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin.


Ba iad na táscairí feidhmíochta oibriúcháin do 2025 ná:

Táscaire	Feidhmíocht	Athrú % ar 2024
Díolacháin	€364.6m	3.9%
Aisíocaíochtaí	€412.4m	(23.4%)
Díolacháin lúide aisíocaíochtaí	(€47.8m)	(74.5%)
Luach an chiste ag deireadh na bliana airgeadais	€4,416.8m	(1.1%)
Luach na nduaiseanna a bronnadh	€44.4m	(2.7%)
Líon na nduaiseanna a bronnadh	458,870	(3.4%)
Líon na gceannachán	390,299	1%

GRAIF

Luach an Chiste

€ million




Oll-luach na nDíolachán

€ million



Luach na nDuaiseanna a íocadh

€ million



Crannchuir Seachtainiúla Duaisbhannaí

Is í Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (GBCN) a chinneann luach iomlán na nduaiseanna atá le heisiúint tríd an ráta úis a chur i bhfeidhm ar luach na mBannaí Duaise atá amuigh. I rith na bliana, ba é 1% an ráta úis a bhí i bhfeidhm ar chiste na mBannaí Duaise.

In 2025, eisíodh 458,870 duais do chustaiméirí, laghdú 3.4% ar 2024. Thit luach iomlán na nduaiseanna 2.7% bliain ar bhliain, rud a léiríonn an luach ciste níos ísle.

Duaiseanna neamhéilithe

Ag deireadh 2025, bhí €5.35 milliún i gceist le líon na nduaiseanna neamhéilithe, a bhí ag bailiú ó seoladh an táirge i 1957. Sainmhínítear duaiseanna neamhéilithe mar dhuaiseanna nach n-éilítear tar éis sé mhí. Ba cheart a thabhairt faoi deara go ndéanaimid teagmháil le gach buaiteoir duaise ag an seoladh atá againn don chustaiméir. Molaimid do chustaiméirí aon athruithe ar a gcuid sonraí teagmhála a chur in iúl dúinn chomh luath agus is féidir tar éis an athraithe.

Cuid an-bheag is ea an méid atá amuigh sna duaiseanna seo de luach na nduaiseanna a bronnadh thar na blianta ó corpraíodh Scéim na mBannaí Duaise. Tá na duaiseanna go léir liostaithe ar shuíomh gréasáin Choigiltis Stáit na hÉireann, www.StateSavings.ie. Tá sé tábhachtach a mheabhú go gcoinnítear duaiseanna ar feadh tréimhse éiginnte go dtí go n-éilíonn sealbhóir banna nó a n-eastát iad.

Ráiteas ón gCathaoirleach (ar lean)

Seirbhís a Fheabhsú

Is tairiscint an-tábhachtach iad na Bannaí Duaise i bpunann táirgí Choigiltis Stáit na hÉireann a thairgeann an GBCN do chustaiméirí miondíola thar ceann an Stáit. Le linn 2025, leanamar lenár n-infheistíochtaí le blianta beaga anuas chun ár gcórais agus ár bpróisis a fhorbairt agus a fheabhsú. Tá áthas orm a thuairisciú go gcuirtear 29% dár ndíolacháin i gcrích ar líne anois, suas ó 25% in 2024.

D'oibríomar go dlúth leis an GBCN chun eispéireas an chustaiméara a fheabhsú. Go háirithe, le tabhairt isteach níos mó seirbhísí ar líne, tá custaiméirí in ann a sealúchais Choigiltis Stáit na hÉireann, lena n-áirítear Bannaí Duaise, a fheiceáil ar líne anois agus níos mó gníomhaíochta a dhéanamh linn ag baint úsáide as a rogha bealaigh.

Ó mhí Feabhra 2020 i leith, tá an rogha ag custaiméirí a bhuaileann duaiseanna an duais a fháil trí Aistrithe Leictreonacha Airgid chuig a gcuntas bainc nó trí athinfheistiú i mBannaí Duaise. Is modhanna fócaíochta tapa agus slána iad na roghanna malartacha seo. Méadaíonn siad freisin éifeachtúlacht in íocaíochtaí le custaiméirí ós rud é nach mbaineann 'amanna imréitigh' ná costais a bhaineann le seiceanna leo.

Tá bonneagar tarraingthe na mBannaí Duaise faoi réir dearbhú neamhspleách agus tacaítear leis le samhail oibriúcháin athléimneach, lena n-áirítear rialuithe láidre agus socruithe teagmhasacha chun cuidiú le sláine agus leanúnachas na dtarraingtí a chinntiú.

Lean ár n-ionad glaonna ag feidhmiú go maith, agus freagraíodh 94% de na glaonna i 3 nóiméad nó níos lú.

Buíochas

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil freisin le comhaltaí Boird na Cuideachta agus le lucht bainistíochta agus foireann An Post agus Fexco as a gcuid rannchuidithe suntasaí lenár bhfeidhmíocht in 2025. Mar fhocal scoir, ba mhaith liom buíochas a ghabháil le Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta as a dtacaíocht leanúnach agus a gcúnamh fíorluachmhar.



Debbie Byrne, Cathaoirleach

Dáta: 27 Bealtaine 2026

Tá áthas ar na stiúrthóirí a dtuarascáil bhliantúil a chur isteach, mar aon le ráitis airgeadais iniúchta na Cuideachta, don bhliain airgeadais dar críoch an 31 Nollaig 2025.

An Chuideachta

Déanann an Chuideachta gnó chun Scéim na mBannaí Duaise a riaradh faoi chonradh le Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta. Rinneadh an conradh a athnuachan ar feadh cúig bliana go dtí an 31 Nollaig 2027. Tá na stiúrthóirí sásta dá bhrí sin go mbeidh acmhainní leordhóthanacha ag an gCuideachta chun leanúint ar aghaidh ag feidhmiú ar feadh tréimhse dhá mhí dhéag ar a laghad ó dháta formheasta na ráiteas airgeadais seo.

Tá an scaipchaipiteal eisithe i seilbh 50% an ceann ag An Post agus Fexco.

Torthaí na bliana airgeadais

Tá na torthaí don bhliain airgeadais leagtha amach sa ráiteas ioncaim ar leathanach 11 agus sna nótaí gaolmhara.

Ní mholann na stiúrthóirí díbhinn a íoc don bhliain airgeadais 2025 (2024: €Nialas).

Athbhreithniú gnó

Tá an t-athbhreithniú gnó san áireamh i Ráiteas an Chathaoirligh. Mar a ndéantar cur síos ann, lean feidhmíocht na Cuideachta in 2025 de bheith dearfach. Ba iad díolacháin na mBannaí Duaise sa bhliain ná €364.6m (2024: €350.9m). Tháinig méadú 0.44% ar tháillí conartha, a thuill an Chuideachta, go €12.8m. Baineann na hathruithe sa chlár comhardaithe agus sa staid airgid go mór leis an uainiú in íocaíochtaí le páirtithe gaolmhara.

I measc na bpríomhrioscaí agus na neamhchinnteachtaí atá roimh fhorbairt na Cuideachta sa todhchaí tá feidhmíocht a cuid fochonraitheoirí agus ábharthacht ár dtáirge sa mhargadh atá ag éirí níos iomaíche ina n-oibrímid a chinntiú. Tá réimse straitéisí forbartha ag na stiúrthóirí chun aghaidh a thabhairt orthu seo agus ar rioscaí eile atá roimh an gCuideachta.

Stiúrthóirí, rúnaí agus a leasanna

Tionóladh ceithre chruinniú Boird le linn na bliana airgeadais. Tá freastal na stiúrthóirí ar na cruinnithe a raibh siad i dteideal freastal orthu leagtha amach thíos:

Stiúrthóir	Cruinnithe i dteideal freastal orthu	Cruinnithe ar a bhfreastalaíodh
Debbie Byrne	4	4
Sharon Kelly	4	4
Dave McEvoy	4	4
Mary O'Connell	4	4
Ivo O'Sullivan	4	4
John Rice	4	4
Martin Ryan	4	4
Murray McCarter	4	4

Ní raibh aon leas ag na stiúrthóirí ná an rúnaí, a bhí in oifig an 31 Nollaig 2025, sna scaireanna in, nó bintiúir de chuid, an Chuideachta nó aon Chuideachta Ghrúpa.

D'éirigh Murray McCarter as an mBord an 5 Nollaig 2025. Ceapadh Thomas Anthony Linehan ar an mBord le héifeacht ón 5 Nollaig 2025.

Tuarascáil na Stiúrthóirí (ar lean)

Teagmhais lardain

Ní raibh aon teagmhais idir dáta an chláir chomhardaithe agus an dáta a formheasadh na ráitis airgeadais seo a d'éileodh coigeartú ar, nó nochtadh iontu, na ráitis airgeadais seo.

Taifid chuntasaíochta

Creideann na stiúrthóirí gur chomhlíon siad riachtanais Alt 281 go 285 d'Acht na gCuideachtaí 2014 maidir le taifid chuntasaíochta leordhóthanacha trí phearsanra le saineolas cuí a fhostú agus trí acmhainní leordhóthanacha a sholáthar don fheidhm airgeadais. Coinnítear taifid chuntasaíochta na Cuideachta san oifig chláraithe.

Faisnéis ábhartha iniúchta

Creideann na stiúrthóirí go bhfuil gach céim riachtanach glactha acu chun iad féin a chur ar an eolas faoi aon fhaisnéis iniúchta ábhartha agus go bhfuil sé bunaithe acu go bhfuil eolas ag iniúcháirí reachtúla na Cuideachta faoin bhfaisnéis sin. Chomh fada agus is eol dóibh, níl aon fhaisnéis iniúchta ábhartha ann nach bhfuil fios ag iniúcháirí reachtúla na Cuideachta fúithi.

Iniúcháir

I ndiaidh próiseas tairisceana, d'fhormheas Bord Stiúrthóirí An Post moladh ón gCoiste Iniúcháireachta agus Riosca chun KPMG a cheapadh mar iniúcháir reachtúil do An Post, dá chuideachtaí fochuideachta agus dá chomhfhiontair. Tiocfaidh an ceapachán seo i bhfeidhm don bhliain airgeadais dar críoch 31 Nollaig 2026.

Arna fhormheas ag an mBord agus sínithe thar a cheann ag:



Debbie Byrne
Stiúrthóir



Martin Ryan
Stiúrthóir

Dáta: 27 Bealtaine 2026

Ráiteas maidir le Freagrachtaí na Stiúrthóirí

7

Tá na stiúrthóirí freagrach as tuarascáil na stiúrthóirí agus na ráitis airgeadais a ullmhú i gcomhréir le hAcht na gCuideachtaí 2014.

Éilíonn dlí Cuideachtaí na hÉireann ar na stiúrthóirí ráitis airgeadais a ullmhú do gach bliain airgeadais. Faoi dlí, tá sé roghnaithe ag na stiúrthóirí na ráitis airgeadais a ullmhú de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Thuairisciú Airgeadais arna nglacadh ag an Aontas Eorpach ("creat ábhartha um thuairisciú airgeadais"). Faoi dlí na gCuideachtaí, ní mór do na stiúrthóirí gan na ráitis airgeadais a fhorghnó mura bhfuil siad sásta go dtugann siad léargas fíor agus cothrom ar shócmhainní, ar dliteanais agus ar staid airgeadais na Cuideachta amhail ag dáta deiridh na bliana airgeadais agus ar bhrabús nó ar chaillteanas na Cuideachta don bhliain airgeadais agus go gcomhlíonann siad Acht na gCuideachtaí 2014 ar shlí eile.

Agus na ráitis airgeadais sin á n-ullmhú, éilítear ar na stiúrthóirí:

- beartais chuntasaíochta oiriúnacha a roghnú do Ráitis Airgeadais na Cuideachta agus ansin iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach;
- breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnach agus stuama;
- a shonrú an bhfuil na ráitis airgeadais ullmhaithe i gcomhréir leis na caighdeáin chuntasaíochta infheidhme, na caighdeáin sin a aithint, agus tabhairt faoi deara d'aon imeacht ábhartha ó na caighdeáin sin chomh maith leis na cúiseanna atá leis; agus
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthais leantaigh mura bhfuil sé míchuí glacadh leis go leanfaidh an Chuideachta i mbun gnó.

Tá na stiúrthóirí freagrach as a chinntiú go gcoinníonn an Chuideachta taifid chuntasaíochta leordhóthanacha, nó go gcuireann siad faoi deara go gcoinnítear iad, a mhíníonn agus a thaifeadann go cruinn idirbhearta na Cuideachta, a chuireann ar a gcumas aon am sócmhainní, dliteanais, staid airgeadais agus brabús nó caillteanas na Cuideachta a chinneadh le cruinneas réasúnta, a chuireann ar a gcumas a chinntiú go gcomhlíonann na ráitis airgeadais agus tuarascáil na stiúrthóirí Acht na gCuideachtaí 2014 agus a chuireann ar a gcumas na ráitis airgeadais a bheith iniúchta.

Tá siad freagrach freisin as sócmhainní na Cuideachta a chosaint agus dá bhrí sin as céimeanna réasúnacha a ghlacadh chun calaois agus neamhrialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

Féadfaidh an reachtaíocht in Éirinn a rialaíonn ullmhú agus scaipeadh ráiteas airgeadais a bheith difriúil le reachtaíocht i ndlínsí eile. Tá na stiúrthóirí freagrach as cothabháil agus sláine na faisnéise corparáidí agus airgeadais atá ar shuíomh gréasáin na Cuideachta.

Thar ceann an Bhoird



Debbie Byrne

Stiúrthóir



Stiúrthóir

Dáta: 27 Bealtaine 2026

Tuarascáil an Iniúcháir Neamhspleách

chuig Comhaltaí na Cuideachta Duais-Bhannaí (Cuideachta Gníomhaíochta Ainmnithe)

Tuarascáil ar iniúchadh na ráiteas airgeadais

Tuairim ar na ráitis airgeadais do Chuideachta DuaisBhannaí (Cuideachta Ghníomhaíochta Ainmnithe) (“an chuideachta”)

Inár dtuairim, déanann na ráitis airgeadais:

- léargas fíor agus cothrom a thabhairt ar shócmhainní, dliteanais agus staid airgeadais na cuideachta amhail ar an 31 Nollaig 2025 agus ar an toradh don bhliain airgeadais a chríochnaigh ansin; agus
- ullmhú i gceart de réir an chreata ábhartha um thuairisciú airgeadais agus, go háirithe, le riachtanais Acht na gCuideachtaí 2014.

Cuimsíonn na ráitis airgeadais a rinneamar iniúchadh orthu:

- an Ráiteas Ioncaim;
- an Ráiteas ar Staid Airgeadais;
- an Ráiteas ar Athruithe i gCothromas;
- an Ráiteas ar Shreafaí Airgid; agus
- na nótaí gaolmhara 1 go 14, lena n-áirítear achoimre ar bheartais chuntasaíochta shuntasacha mar atá leagtha amach i nóta 1.

Is é an creat ábhartha um thuairisciú airgeadais a cuireadh i bhfeidhm agus iad á n-ullmhú ná Acht na gCuideachtaí 2014 agus Caighdeán Chuntasaíochta IFRS arna n-eisiúint ag an mBord um Chaighdeáin Idirnáisiúnta Chuntasaíochta (IASB) agus arna nglacadh ag an Aontas Eorpach (“an creat ábhartha um thuairisciú airgeadais”).

Bonn leis an tuairim

Rinneamar ár n-iniúchadh i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta um Iniúcháireacht (Éire) (ISA (Éire)) agus leis an dlí is infheidhme. Déantar cur síos ar ár bhfreagrachtaí faoi na caighdeáin sin thíos sa chuid “Freagrachtaí an iniúcháir as iniúchadh na ráiteas airgeadais” dár dtuarascáil.

Táimid neamhspleách ar an gcuideachta i gcomhréir leis na ceanglais eiticíúla atá ábhartha dár n-iniúchadh ar na ráitis airgeadais in Éirinn, lena n-áirítear an Caighdeán Eiticíúil arna eisiúint ag Údarás Maoirseachta Iniúchta agus Cuntasaíochta na hÉireann, agus tá ár bhfreagrachtaí eiticíúla eile comhlíonta againn i gcomhréir leis na ceanglais seo. Creidimid go bhfuil an fhianaise iniúchta a fuairamar leordhóthanach agus iomchuí chun bonn a sholáthar dár dtuairim.

Conclúidí a bhaineann le gnóthas leantach

Agus na ráitis airgeadais á n-iniúchadh againn, táimid den tuairim go bhfuil sé cuí ag na stiúthóirí an bonn cuntasaíochta do gnóthas leantach a úsáid chun na ráitis airgeadais a ullmhú.

Bunaithe ar an obair a rinneamar, níor aithníomar aon neamhchinnteachtaí ábhartha a bhaineann le teagmhais nó coinníollacha a d'fhéadfadh, ina n-aonar nó le chéile, amhras suntasach a chaitheamh ar chumas na cuideachta leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach ar feadh tréimhse dhá mhí dhéag ar a laghad ón uair a údaraítear na ráitis airgeadais a eisiúint.

Déantar cur síos ar ár bhfreagrachtaí agus ar fhreagrachtaí na stiúthóirí i leith gnóthas leantach sna rannáin ábhartha den tuarascáil seo.

Faisnéis eile

Cuimsíonn an fhaisnéis eile an fhaisnéis atá san áireamh sna Tuarascálacha agus Ráitis Airgeadais, seachas na ráitis airgeadais agus tuarascáil ar n-iniúcháir orthu. Tá na stiúrthóirí freagrach as an bhfaisnéis eile atá sna Tuarascálacha agus Ráitis Airgeadais. Ní chlúdaíonn ár dtuairim ar na ráitis airgeadais an fhaisnéis eile agus, ach amháin a mhéid a luaitear a mhalairt go sainráite inár dtuarascáil, ní chuirimid in iúl aon chineál conclúid dearbhaithe ina leith.

Is í ár bhfreagracht an fhaisnéis eile a léamh agus, agus é sin á dhéanamh againn, machnamh a dhéanamh ar cé acu atá an fhaisnéis eile ar neamhréir go hábhartha leis na ráitis airgeadais nó lenár n-eolas a fuarthas san iniúchadh nó an bhfuil an chuma air go bhfuil sí míchruinn go hábhartha ar shlí eile. Má aithnímid neamhréireachtaí ábhartha den sórt sin nó míchruinneas ábhartha dealraitheach, ceanglaítear orainn a chinneadh an bhfuil míchruinneas ábhartha sna ráitis airgeadais nó míchruinneas ábhartha san fhaisnéis eile. Má thagaimid ar an gconclúid, bunaithe ar an obair atá déanta againn, go bhfuil míchruinneas ábhartha san fhaisnéis eile seo, ceanglaítear orainn an fhír sin a thuairisciú.

Níl aon rud le tuairisciú againn ina leith seo.

Freagrachtaí na stiúrthóirí

Mar a mhínítear níos iomláine i Ráiteas ar Fhreagrachtaí na Stiúrthóirí, tá na stiúrthóirí freagrach as na ráitis airgeadais a ullmhú agus as a bheith sásta go dtugann siad léargas fíor agus cothrom agus go gcomhlíonann siad Acht na gCuideachtaí 2014 ar shlí eile, agus as an rialú inmheánach a chinneann na stiúrthóirí atá riachtanach chun a chumasú go n-ullmhófaí ráitis airgeadais atá saor ó mhíchruinneas ábhartha, cibé acu de bharr calaoise nó earráide.

Agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú, tá na stiúrthóirí freagrach as cumas na cuideachta leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach a mheasúnú, ag nochtadh, de réir mar is infheidhme, ábhair a bhaineann le gnóthas leantach agus ag baint úsáide as an mbonn cuntaisíochta do ghnóthas leantach mura bhfuil sé ar intinn ag na stiúrthóirí an chuideachta a leachtú nó scor d'oibríochtaí, nó nach bhfuil aon rogha réalaíoch eile acu ach é sin a dhéanamh.

Freagrachtaí an iniúcháir as iniúchadh na ráiteas airgeadais

Is iad ár gcuspóirí dearbhú réasúnach a fháil maidir le cibé acu an bhfuil na ráitis airgeadais ina n-iomláine saor ó mhíchruinneas ábhartha, cibé acu de bharr calaoise nó earráide, agus tuarascáil iniúcháir a eisiúint a chuimsíonn ár dtuairim. Is leibhéal ard dearbhaithe é dearbhú réasúnach, ach ní ráthaíocht é go mbraithfidh iniúchadh a dhéantar i gcomhréir le hISA (Éire) míchruinneas ábhartha i gcónaí nuair is ann dó. Féadfaidh míchruinnis teacht chun cinn ó chalaos nó ó earráid agus meastar iad a bheith ábhartha má dhéantar iad, go haonair nó go comhiomlán, a bheith ag súil le réasún go mbeadh tionchar acu ar chinntí eacnamaíocha úsáideoirí a ghlactar ar bhonn na ráiteas airgeadais seo.

Tá cur síos breise ar ár bhfreagrachtaí as iniúchadh na ráiteas airgeadais ar shuíomh gréasáin an IAASA ag: <https://iaasa.ie/publications/description-of-the-auditors-responsibilities-for-the-audit-of-the-financial-statements>. Tá an cur síos seo ina chuid dár dtuarascáil iniúcháir.

Tuarascáil ar cheanglais dlí agus rialála eile

Tuairim ar ábhair eile atá forordaithe le hAcht na gCuideachtaí 2014

Bunaithe go hiomlán ar an obair a rinneadh le linn an iniúchta, tuairiscímid:

- Tá gach eolas agus míniú faighte againn a mheasaimid a bheith riachtanach chun críocha ár n-iniúchta.
- Inár dtuairim bhí taifid chuntasaíochta na cuideachta leordhóthanach chun go bhféadfaí na ráitis airgeadais a iniúchadh go héasca agus i gceart.
- Tá na ráitis airgeadais ag teacht leis na taifid chuntasaíochta
- Inár dtuairim tá an fhaisnéis a thugtar i dtuarascáil na stiúrthóirí comhsheasmhach leis na ráitis airgeadais.
- Inár dtuairim, ullmhaíodh na codanna sin de thuarascáil na stiúrthóirí a sonraíodh dár n-athbhreithniú, nach n-áirítear iontu tuairisciú inbhuanaitheachta nuair a cheanglaítear sin faoi Chuid 28 d'Acht na gCuideachtaí 2014, i gcomhréir le hAcht na gCuideachtaí 2014.

Ábhair a bhfuil ceangal orainn tuairisciú ina leith go heisceachtúil

Bunaithe ar an eolas agus ar an tuiscint ar an gcuideachta agus ar a timpeallacht a fuarthas le linn an iniúchta, níor aithníomar míchruinnis ábhartha i dtuarascáil na stiúrthóirí.

Níl aon rud le tuairisciú againn i leith fhorálacha Acht na gCuideachtaí 2014 a cheanglaíonn orainn tuairisciú duit mura ndéantar, inár dtuairim, na nochtaí maidir le luach saothair stiúrthóirí agus idirbhearta atá sonraithe sa dlí.

Úsáid ár dtuarascála

Déantar an tuarascáil seo go heisiach do chomhaltaí na cuideachta, mar chomhlacht, de réir Alt 391 d'Acht na gCuideachtaí 2014. Rinneadh ár n-obair iniúchta ionas go bhféadfaimis na nithe a cheanglaítear orainn a lua dóibh i dtuarascáil iniúchára a lua le comhaltaí na cuideachta agus chun aon chríche eile. A mhéid a cheadaítear sa dlí, ní ghlacaimid ná ní ghlacaimid freagracht as aon duine seachas an cuideachta agus comhaltaí na cuideachta mar chomhlacht, as ár n-obair iniúchta, as an tuarascáil seo, nó as na tuairimí atá curtha le chéile againn.

Emer O'Shaughnessy

29 Bealtaine 2026

Ar son agus thar ceann Deloitte Ireland LLP Cuntasóirí Cairte agus Gnólacht Iniúcháireachta Reachtúil

Deloitte & Touche House
29 Ardán Phort an Iarla
Baile Átha Cliath

Ráiteas Ioncaim

don bhliain airgeadais dar chríoch an 31 Nollaig 2025

11

	<i>Nóta</i>	2025 €	2024 €
Ioncam	2	12,802,248	12,745,641
Costais oibriúcháin	3	(12,837,796)	(12,783,659)
Caillteanas roimh ghlanioncam/(chostais) airgeadais agus chánachas		(35,548)	(38,018)
Ioncam Airgeadais	4	41,473	44,354
Brabús roimh chain		5,925	6,336
Cáin ioncaim	6	(5,925)	(6,336)
TORADH DON BHLIAIN AIRGEADAIS		-	-

Ní raibh aon ghnóthachain ná aon chailteanais ag an gCuideachta sa bhliain airgeadais reatha nó sa bhliain roimhe sin seachas iad sin a ndéileáiltear leo sa ráiteas ioncaim thuas agus ar an mbonn sin, ní chuirtear ráiteas ar ioncam cuimsitheach eile i láthair. Is ó oibríochtaí leanúnacha amháin a thagann na torthaí thuas don bhliain airgeadais reatha agus don bhliain airgeadais roimhe sin.

Ráiteas ar Staid an Airgeadais

amhail an 31 Nollaig 2025

	Nóta	2025 €	2024 €
Sócmhainní Reatha			
Trádáil agus infhaighteoga eile	7	1,145,734	999,666
Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim		14,861,506	15,066,804
Sócmhainní reatha		16,007,240	16,066,470
IOMLÁN NA SÓCMHAINNÍ		16,007,240	16,066,470
Cothromas			
Scaipchaipiteal	9	125	125
Cúlchistí eile	9	2	2
Tuilleamh coimeádta		-	-
Iomlán an chothromais		127	127
Dlíteanais Reatha			
Trádáil agus infóictaí eile	8	16,007,113	16,066,343
Iomlán na ndlíteanas Reatha		16,007,113	16,066,343
IOMLÁN COTHROMAIS AGUS DLITEANAS		16,007,240	16,066,470

Rinne Bord na Stiúrthóirí na ráitis airgeadais a fhorhneas agus a údarú le heisiúint an 27 Bealtaine 2026 agus síníodh iad thar a cheann ag:



Debbie Byrne
Stiúrthóir



Martin Ryan
Stiúrthóir

Ráiteas ar Athruithe sa Chothromas

don bhliain airgeadais dar chríoch an 31 Nollaig 2025

13

	Scaipchaipiteal €	Cúlchistí eile €	Tuilleamh Coimeádta €	Iomlán an chothromais €
Iarmhéid ar 31 Nollaig 2023	125	2	-	127
Toradh don bhliain airgeadais	-	-	-	-
Iarmhéid ar 31 Nollaig 2024	125	2	-	127
Toradh don bhliain airgeadais	-	-	-	-
Iarmhéid ar 31 Nollaig 2025	125	2	-	127

Ráiteas maidir le Sreafaí Airgid

don bhliain airgeadais dar chríoch an 31 Nollaig 2025

	2025 €	2024 €
Sreafaí airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin		
Toradh don bhliain airgeadais	5,925	6,336
Coigeartuithe do:		
Ioncam airgeadais	(41,473)	(44,354)
Costas cánach	(5,925)	(6,336)
	(41,473)	(44,354)
Athruithe in:		
Trádáil agus infhaighteoga eile	(146,068)	(39,345)
Trádáil agus infóthaí eile	(59,230)	1,063,854
	(205,298)	1,024,509
Glan-in/(eis-sreabhadh) airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin	(246,771)	980,155
Glan-in/(eis-sreabhadh) airgid ó ghníomhaíochtaí infheistíochta	41,473	44,354
Glanmhéadú/(laghdú) ar airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim	(205,298)	1,024,509
Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim ag tús na bliana airgeadais	15,066,804	14,042,295
Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim ag deireadh na bliana airgeadais	14,861,506	15,066,804

1. Beartais chuntasaíochta ábhartha

Cuireadh na beartais chuntasaíochta atá leagtha amach thíos i bhfeidhm go comhsheasmhach ar gach tréimhse a chuirtear i láthair sna ráitis airgeadais seo, mura luaitear a mhalairt.

1.1 Bonn ullmhúcháin agus ráiteas comhlíonta

Eintiteas tuairiscithe

Cuideachta atá corpraithe agus lonnaithe in Éirinn is ea Cuideachta na mBannaí Duaise (Cuideachta Gníomhaíochta Ainmnithe) (an “Cuideachta”).

Ráiteas Comhlíonta

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais seo de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Thuairisciú Airgeadais (IFRS), mar atá glactha ag an AE (AE IFRS).

Gnóthas leantach

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais ar bhonn gnóthais leantaigh. Tar éis do na stiúrthóirí acmhainní na Cuideachta a mheasúnú, tháinig siad ar an gconclúid go bhfuil acmhainní leordhóthanacha ag an gCuideachta chun leanúint d'oibriú go praiticiúil. Chuaigh an Chuideachta isteach i gconradh cúig bliana le Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta chun Scéim na mBannaí Duaise a riar ón 1 Eanáir 2023 go dtí an 31 Nollaig 2027 mura gcuirtear deireadh leis níos luaithe faoi chlásal 13 den chonradh. Tá na stiúrthóirí sásta dá bhrí sin go mbeidh acmhainní leordhóthanacha ag an gCuideachta chun leanúint i mbun gnó ar feadh tréimhse dhá mhí dhéag ar a laghad ó dháta formheasta na ráiteas airgeadais seo.

Bonn an tomhais

Ullmhaítear na ráitis airgeadais seo ar bhonn an chostais stairiúil.

Airgeadra feidhmiúil agus cur i láthair

Cuireadh na ráitis airgeadais i láthair in euro, is é sin airgeadra feidhmiúil na Cuideachta.

Úsáid breithiúnas agus meastachán

Agus na ráitis airgeadais seo á n-ullmhú, ní dhearna an bhainistíocht aon bhreithiúnais, meastacháin agus toimhdí a chuireann isteach ar chur i bhfeidhm bheartais chuntasaíochta na Cuideachta ná ar mhéid tuairiscithe na sócmhainní, na ndlíteanas, an ioncaim agus na gcostas. D'fhéadfadh na torthaí iarbhrí a bheith éagsúil leis na meastacháin seo.

1.2 Scéim Duaisbhannaí

Riarann an Chuideachta Scéim na mBannaí Duaise le haghaidh scála luach saothair comhaontaithe. Cuirtear na cistí ar aghaidh go rialta chuig Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta atá ag gníomhú thar ceann an Aire Airgeadais. Dílsítear sócmhainní agus dlíteanas Scéim na mBannaí Duaise don Aire agus, dá réir sin, ní chuirtear san áireamh iad i gclár comhardaithe na Cuideachta.

1.3 Ioncam

Cuimsíonn an t-ioncam luach na seirbhísí go léir a soláthraíodh, arna ríomh de réir an chonartha maidir le riarachán agus díolachán Scéim na mBannaí Duaise, gan cáin bhreisluacha a chur san áireamh.

1.4 Caiteachas fógraíochta agus bolscaireachta

Tugtar caiteachas fógraíochta agus bolscaireachta faoi deara de réir mar a thabhaítear é.

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean) don bhliain airgeadais dar chríoch an 31 Nollaig 2025

1. Beartais chuntasaíochta (ar lean)

1.5 Cánach

Cuimsíonn costas na cánach ioncaim cáin reatha agus iarchurtha. Aithnítear é sa ráiteas ioncaim ach amháin a mhéid a bhaineann sé le comhcheangal gnó, nó le míreanna a aithnítear go díreach i gcothromas nó in ioncam cuimsitheach eile, agus sa chás sin aithnítear é go díreach i gcothromas nó in ioncam cuimsitheach eile.

Cáin reatha

Cuimsíonn cáin reatha an cháin ionchasach atá infíochta nó infhaighte ar an mbrabús nó ar an gcaillteanas inchánach don bhliain airgeadais agus aon choigeartú ar an gcáin atá infíochta nó infhaighte i leith blianta airgeadais roimhe seo. Tomhaistear é ag úsáid rátaí cánach atá achtaithe nó atá achtaithe go substaintiúil ag an dáta tuairiscithe. Folaíonn cáin reatha freisin aon cháin a eascraíonn as díbhinní. Ní dhéantar sócmhainní agus dliteanais chánach reatha a fhritháireamh ach amháin má chomhlíontar critéir áirithe.

Cáin iarchurtha

Aithnítear cáin iarchurtha i leith difríochtaí sealadacha idir méideanna iompair shócmhainní agus dliteanais chun críocha tuairiscithe airgeadais agus na méideanna a úsáidtear chun críocha cánachais. Ní aithnítear cáin iarchurtha i leith:

- difríochtaí sealadacha ar shócmhainní nó dliteanais a aithint ar dtús in idirbheart nach comhcheangal gnó é agus nach mbíonn tionchar aige ar bhrabúis nó caillteanas cuntasaíochta ná ar bhrabúis inchánach;
- difríochtaí sealadacha a bhaineann le hinfheistíochtaí i bhfochuideachtaí, comhlaigh agus comhshocruithe a mhéid atá an Chuideachta in ann rialú a dhéanamh ar uainiú aisiompú na ndifríochtaí sealadacha agus is dóigh nach n-iompóidh siad ar gcúl go ceann i bhfad; agus
- difríochtaí sealadacha inchánach a eascraíonn as dea-thoil a aithint ar dtús.

Aithnítear sócmhainní cánach iarchurtha as caillteanais chánach neamhúsáidte, creidmheasanna cánach neamhúsáidte, difríochtaí sealadacha in-asbhainte a mhéid is dóigh go mbeidh brabúis inchánach sa todhchaí ar fáil a bhféadfar iad a úsáid ina gcoinne. Déantar athbhreithniú ar shócmhainní cánach iarchurtha ag gach dáta tuairiscithe agus laghdaítear iad a mhéid nach dócha a thuilleadh go réadófar an tairbhe chánach ghaolmhar; aisiompaítear na laghduithe sin nuair a thagann feabhas ar an dóchúlacht go mbeidh brabúis inchánach ann sa todhchaí.

Déantar sócmhainní cánach iarchurtha neamhaithnidiúla a athmheas ag gach dáta tuairiscithe agus aithnítear iad a mhéid is gur dóigh go mbeidh brabúis inchánach sa todhchaí ar fáil a bhféadfar iad a úsáid ina gcoinne.

Tomhaistear cáin iarchurtha ag na rátaí cánach a bhfuil súil leo a chur i bhfeidhm ar dhifríochtaí sealadacha nuair a aisiompaíonn siad, ag baint úsáide as rátaí cánach a achtaíodh nó a achtaíodh go substaintiúil ag an dáta tuairiscithe.

2. Ioncam

Is mar é seo a leanas an anailís ar ioncam:

Táillí conartha agus coimisiúin

2025
€

2024
€

12,802,248

12,745,641

Tháinig an t-ioncam ar fad ó Phoblacht na hÉireann.

3. Costais oibriúcháin

	2025 €	2024 €
Is í seo a leanas an anailís ar chostais oibriúcháin:		
Costais riaracháin	12,819,196	12,767,845
Luach saothair iniúchára	18,600	15,814
Luach saothair stiúrthóirí	-	-
	12,837,796	12,783,659

Nialas ab ea meánlíon míosúil na ndaoine a d'fhostaigh an Chuideachta sa bhliain airgeadais (2024:Nialas). Ní foctar stiúrthóirí as a ról mar Stiúrthóirí ar an gCuideachta.

4. Ioncam airgeadais

	2025 €	2024 €
Is í seo a leanas an anailís ar ioncam airgeadais:		
ús tuillte:	41,473	44,354

Tá an t-ioncam airgeadais faoi réir cánach.

5. Conarthaí ábhartha agus nochtaí gaolmhara

Rinne an Chuideachta conradh dar dáta an 21 Nollaig 2022 le Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta. Rinne an conradh foráil do riaradh Scéim na mBannaí Duaise ag an gCuideachta go dtí an 31 Nollaig 2027. Sa bhliain airgeadais atá faoi athbhreithniú, d'aistrigh an Chuideachta glanchistí arb iad €106,020,355 san iomlán iad chuig Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (2024: d'aistrigh an Chuideachta €248,129,725 chuig Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta), arb éard a bhí iontu fáltas as díolacháin Bannaí Duaise lúide éilimh ar airgeadú Bannaí Duaise, íocaíochtaí duaise agus costais oibriúcháin. Ba é an glaniarmhéid a bhí dlíthe do Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta an 31 Nollaig 2025 ná €2,471,723 (2024, dlíthe don GBCN: €2,945,774).

Rinne an Chuideachta conradh nua dar dáta an 11 Bealtaine 2023 le hAn Post. Rinne an conradh foráil go ndéanfaidh An Post gnéithe áirithe de riaradh Scéim na mBannaí Duaise a dhéanamh go dtí an 31 Nollaig 2027. I gcomhréir le téarmaí an chonartha, thuill An Post táillí iomlána de €3,917,770 (2024: €3,882,720) le linn na bliana airgeadais chun seirbhísí riaracháin a sholáthar. Ba é €286,683 an méid a bhí dlíthe ón gCuideachta do An Post ar an 31 Nollaig 2025 (2024: €282,629) agus bhí €67,455 (2024: nialas) dlíthe don Chuideachta ó An Post.

Rinne an chuideachta conradh nua dar dáta 8 Bealtaine 2023 le Fexco. Rinne an conradh foráil go ndéanfaidh Fexco gnéithe áirithe de riaradh Scéim na mBannaí Duaise a dhéanamh go dtí an 31 Nollaig 2027. I gcomhréir le téarmaí an chonartha, thuill Fexco táillí iomlána de €8,762,377 (2024: €8,742,505) le linn na bliana airgeadais chun seirbhísí riaracháin a sholáthar. Ba é €729,580 an méid a bhí dlíthe ón gCuideachta do Fexco ar an 31 Nollaig 2025 (2024: €723,026) agus bhí €67,454 (2024: nialas) dlíthe don Chuideachta ó Fexco.

Coinníonn an Chuideachta nótaí státchiste ar luach €4,115,563 (2024: €4,074,090) i dtaisce leis an GBCN. Cuireadh ús €41,473 (2024: Ús €41,333) i bhfeidhm ar na nótaí sa bhliain airgeadais reatha.

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean) don bhliain airgeadais dar chríoch an 31 Nollaig 2025

6. Cánachas ar an toradh ar ghnáthghníomhaíochtaí

	2025 €	2024 €
a) Aithníodh sa ráiteas ioncaim		
Cáin ioncaim don bhliain airgeadais	<u>5,925</u>	<u>6,336</u>
(b) Réiteach an ráta chánach éifeachtaigh		
	2025 €	2024 €
Toradh roimh chain	5,925	6,336
Ráta cánach reatha ag 12½% (2024: 12½%)	741	792
Ioncam airgeadais gearrtha ar rátaí níos airde	<u>5,184</u>	<u>5,544</u>
Iomlán na cánach don bhliain airgeadais	<u>5,925</u>	<u>6,336</u>

Níor aithníodh sócmhainn chánach iarchurtha de €6,091 (2024: €6,091) ar an mbonn nach gcreideann na stiúrthóirí go mbeidh dóthain brabúis inchánach ann d'fhonn an t-sócmhainn a úsáid.

7. Trádáil agus infhaighteoga eile

	2025 €	2024 €
Méid atá dlite ó Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta i leith táillí conartha	1,010,414	999,666
Aisiocaíocht Cánach Corparáide	411	-
Méid atá dlite ó An Post	67,455	-
Méid atá dlite ó Fexco	67,454	-
Iomlán	<u>1,145,734</u>	<u>999,666</u>

Tá na méideanna atá dlite ó An Post, Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta agus Fexco saor ón ús agus is féidir iad a fháil ar éileamh.

8. Trádáil agus infíochtaí eile

	2025 €	2024 €
Méid atá dlite do Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta	3,482,137	3,945,441
Méid atá dlite do An Post	286,683	282,629
Méid atá dlite do Fexaco	729,580	723,026
Méid atá dlite do bhuaiteoirí na nduaiseanna	6,896,823	6,704,580
Cáin Chorporáide	-	6,336
CBL	152	26,302
Creidiúnaithe eile	<u>4,611,738</u>	<u>4,378,029</u>
	<u>16,007,113</u>	<u>16,066,343</u>

Tá na méideanna atá dlite do An Post, do Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta agus do Fexco saor ó ús agus tá siad infíochta ar éileamh.

Cuimsíonn an figiúr creidiúnaithe eile dlíteanas le haghaidh seiceanna amuigh a eisíodh do chustaiméirí arb iad €4.176m (2024 €4.16m) iad. Tá na seiceanna atá amuigh seo os cionn sé mhí d’aois ach fanann siad mar dhlíteanais ag an gCuideachta.

9. Scaipchaipiteal agus cúlchistí eile

	2025	2024
	€	€
Údaraithe, leithdháilte, glaoite agus íochta ina iomláine 100 gnáthscair de €1.25 an ceann	125	125

Ar an 30 Nollaig 2002, athainmníodh Gnáth-Scaipchaipiteal na Cuideachta ó €1.269738 an scair go €1.25 an scair. Cruthaíodh ciste cúlchiste comhshó caipitil de €2 chun cuntas a thabhairt ar an difríocht a eascraíonn as an athrú seo.

10. Gealltanais chaipitil

Ní raibh aon ghealltanais chaipitil ag deireadh na bliana airgeadais (2024: €Nialas).

11. Teagmhais

Ní raibh aon dlíteanais theagmhasacha ábhartha ann ag deireadh na bliana airgeadais (2024: €Nialas).

12. Ballraíocht ghrúpa agus páirtithe rialaithe

Tá scaipchaipiteal eisithe na Cuideachta i seilbh 50% an ceann ag An Post agus Fexco. Tá ráitis airgeadais chomhdhlúite Fexco agus An Post ar fáil don phobal ón Oifig um Chlárú Cuideachtaí, Plás Gloucester Íochtarach, Cnocán an tSeoigh, Baile Átha Cliath 1, D01 C8P4, Poblacht na hÉireann.

13. Teagmhais iardain

Ní raibh aon teagmhais idir dáta an chláir chomhardaithe agus an dáta a formheasadh na ráitis airgeadais seo a d’éileodh coigeartú ar, nó nochtadh iontu, na ráitis airgeadais seo.

14. Formheas an Bhoird

D’fhormheas Bord na Stiúrthóirí na ráitis airgeadais an 27 Bealtaine 2026.

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

don bhliain airgeadais dar chríoch an 31 Nollaig 2025

Faisnéis bhreise

(nach bhfuil clúdaithe i dtuarascáil an iniúcháora neamhspleách)

1. Ciste na nDuaiseanna agus an struchtúr

Cinneann Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta an Ciste Duaiseanna trí ús a ríomh ar an gciste incháilithe ag ráta arna chinneadh ag an nGníomhaireacht. Braitheann líon na nduaiseanna a bhronntar gach seachtain ar mhéid Chiste Iomlán na nDuaiseanna. Seo a leanas líon iomlán na nduaiseanna a bronnadh in 2025 agus 2024.

Uimhir		
Luach €	2025	2024
500,000	12	12
50,000	52	52
1,000	1,040	1,040
500	1,040	1,040
75	456,726	472,958
Iomlán	458,870	475,102

I mí Dheireadh Fómhair 2023, mhéadaigh ráta an chiste duaiseanna ó 0.35% go 1% agus dá bharr sin bhí struchtúr nua duaiseanna ann. Is é atá i nduais an Pota Óir anois ná duais €500,000 ar an tarraingt dheireanach de gach mí, agus coinníodh an réaltduais €50,000 do na tarraingí uile, lena n-áirítear an uair a bhíonn tarraingt Pota Óir ann. Ina theannta sin, tháinig méadú ar líon na nduaiseanna €1,000 agus €500 agus mhéadaigh an duais íosta ó €50 go €75.

Ba é €44,414,450 luach iomlán na nduaiseanna a bronnadh in 2025 (2024: €45,631,850), laghdú 2.7% sa bhliain airgeadais.

2. Tarraingt na n-uimhreacha

Is féidir féachaint ar na huimhreacha a tharraingítear sna tarraingí seachtainiúla in Ionad Infheistíochta Choigiltis Stáit na hÉireann atá suite in Oifig an Phoist Shráid Aindriú, Baile Átha Cliath 2 nó ar líne ag www.prizebonds.ie

Minicíocht: Gach Aoine ag 12.30in, faoi réir a athraithe ag amanna ar nós na Cásca, na Nollag, srl.

3. Líon foirne - fochonraitheoirí

Príomhoifig An Post, Baile Átha Cliath

Ardbhainistíocht	1
Meánbhainistíocht	1
Foireann Oibriúcháin	5

Foireann Oibriúcháin

Ardbhainistíocht	1
Meánbhainistíocht	2
Foireann Oibriúcháin	87

Staitisticí oibriúcháin (nach bhfuil clúdaithe i dtuarascáil an iniúcháir neamhspleách) don bhliain airgeadais dar chríoch an 31 Nollaig 2025

4. Staitisticí

2025	Díolacháin	Tiontú in airgead
	€	€
Eanáir	29,367	35,842
Feabhra	31,791	36,436
Márta	31,165	37,792
Aibreán	32,333	33,766
Bealtaine	29,579	34,552
Meitheamh	29,768	28,356
Iúil	34,353	36,011
Lúnasa	26,770	30,434
Meán Fómhair	29,293	37,414
Deireadh Fómhair	32,787	37,299
Samhain	27,937	37,682
Nollaig	29,504	26,843
Iomlán	364,647	412,427

5. Bealaí díolacháin

An Post: Téigh chuig d'oifigí an phoist
 Sa Phost: Coigiltis Stáit na hÉireann, Ard-Oifig an Phoist, Sráid Uí Chonaill, Baile Átha Cliath 1
 Fón: 0818 20 50 60
 Ar líne: www.StateSavings.ie

6. Sealúchais Duaisbhannaí amhail 31 Nollaig 2025

Líon na sealúchas Duaisbhannaí ar leithligh	8.09m
Luach an Chiste	€4,416.8m

Cuntas Mionsonraithe Neamh-iniúchta Brabúis agus Caillteanais* – ní chuid de na ráitis airgeadais reachtúla é seo.

	2025 €	2025 €	2024 €	2024 €
Ioncaim	12,843,721		12,789,995	
Díolacháin/fáltais/láimhdeachas/ús		12,843,721		12,789,995
Míreanna cuntais trádála				
Costas na ndíolachán		-		-
Oilibhrabúis trádála		12,843,721		12,789,995
Costais/asbhaintí				
Tuarastail/pá, costais foi	-		-	
Fochonraitheoirí	-		-	
Costais dhlíthiúla agus ghairmiúla	(17,272)		(19,300)	
Costais phriontála, postais agus stáiseanóireachta	-		-	
Costais mhargaíochta	-		(117,621)	
Costais choimisiúin	(1,827,934)		(1,793,569)	
Costais oibriúcháin agus riaracháin	(123,690)		-	
Costais airgeadais agus glanmhíreanna	(16,688)		(21,513)	
Costais forbartha TF	-		-	
Táillí conartha seachtracha	(10,852,213)		(10,831,656)	
		(12,837,796)		(12,783,659)
Toradh ar ghnáthghníomhaíochtaí roimh chánachas		5,925		6,336

Ráiteas Inbhuanaitheachta

Aguisín Neamhiniúchta

1. Inbhuanaitheacht

Tá Colún Straitéiseach Inbhuanaithe comhtháite ag an GBCN (Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta) mar chuid dá Straitéis Chorpáraideach 2024 – 2028, lena chinntiú go ndéantar inbhuanaitheacht a mheas i seachadadh orduithe agus bealaí oibre an GBCN. Tugann sé seo tosaíocht do ghníomhú ar son na haeráide mar phríomhchuspóir straitéiseach.

Féachann Straitéis Gníomhaithe ar son na hAeráide de chuid an GBCN lena chinntiú go dtógann an GBCN ar a ról ceannaireachta san airgeadas inbhuanaithe agus go ndéanfar eagraíocht astuithe glan-nialasach de faoi 2030, agus ag an am céanna tacú le haidhm an Rialtais maidir le neodracht aeráide faoi 2050.

Tá ról tábhachtach ag an GBCN chun tacú leis an Rialtas agus a chuspóirí aeráide á gcomhlíonadh aige, agus ag an am céanna tá sé ag gníomhú mar sheoladán idir an earnáil phoiblí agus an earnáil phríobháideach. Tá an aeráid á comhtháthú go gníomhach aige ina chuid sainorduithe agus ina phróisis inmheánacha cinnteoireachta gnó le roinnt blianta anuas. Léirítear é seo ar fud na heagraíochta, i gcur i bhfeidhm sainorduithe atá ann cheana féin agus i sainorduithe nua agus i struchtúir rialachais agus chuntasachta, chun an eagraíocht a shuíomh chun a hoibleagáidí gníomhaithe ar son na haeráide a chomhlíonadh.

Tá príomhspríocanna na straitéise bunaithe ar an NGÁ gníomhú anois: chun Glan-Nialas a bhaint amach; a Leabú; a Rannpháirtíú; agus a Nochtadh; agus léiríonn siad an obair atá ar siúl faoi láthair le spríocanna leagtha síos chun gníomhartha an GBCN a fheabhsú tuilleadh chun tacú le gealltanais an Rialtais i leith gníomhú ar son na haeráide. Tá Straitéis Gníomhaithe ar son na hAeráide de chuid an GBCN foilsithe ar shuíomh gréasáin an GBCN.

Tá seirbhísí An Post agus Fexco faighte ag an gCuideachta, a dhéanann a ngnó thar ceann na Cuideachta faoi bhreithnithe conarthacha ar leith, lena n-áirítear prionsabail Comhshaoil, Shóisialta agus Rialachais Chorpáraidigh (ESG) a chur chun cinn i gcoitinne agus de réir mar a bhaineann siad le soláthar seirbhísí do Chuideachta na mBannaí Duaise.

Aithníonn Fexco a fhreagracht cur go dearfach leis an tsochaí agus leis an gcomhshaoil, taobh le feidhmíocht airgeadais. Le trí bliana anuas, tá an Grúpa tar éis leanúint lena straitéis ESG a chur chun cinn agus a leabú mar chroíchuid dá straitéis chorpáraideach. Tacaíonn struchtúir láidre rialachais agus freagrachtaí atá sainithe go soiléir le seachadadh na straitéise thar gach gnó agus suíomh. Comhtháthaítear breithnithe ESG sa chinnteoireacht oibríochtúil agus straitéiseach. Léiríonn sé seo tiomantas eagraíochtúil aibíochta do chleachtais ghnó inbhuanaithe.

Ag An Post, “is é is aidhm dúinn beart a dhéanamh ar mhaithe le leas an phobail agus caighdeán na beatha in Éirinn a fheabhsú, anois agus do na glúine atá le teacht”. Le láithreach i ngach contae agus pobal, tá ról ríthábhachtach againn chun tacú le daoine, le gnólachtaí agus le seirbhísí poiblí ar fud na tíre. Tugann an teacht náisiúnta seo freagracht agus deis dúinn araon chun tionchar dearfach comhshaoil agus sóisialta a thiomáint ar scála ollmhór. Gach lá, cuireann an inbhuanaitheacht gach gné dár ngnó ar an eolas agus cuireann sé ar ár gcumas gníomhú sna réimsí is tábhachtaí dár bhfostaithe, dár bpobail agus dár ngnó. Creidimid i gcumhachtú a dhéanamh ar phobail áitiúla trí ghréasán sár-rochtana Oifigí an Phoist agus ár n-oibrithe poist. Is í an fhís atá againn maireachtáil inbhuanaithe a dhéanamh coitianta in Éirinn. Trínár seirbhísí, ár ngréasán agus ár gcomhpháirtíochtaí, cabhraimid le daoine agus le gnólachtaí roghanna praiticiúla laethúla a dhéanamh a théann chun sochair don aeráid, don phobal agus don Tá Colún Straitéiseach Inbhuanaithe comhtháite ag an GBCN (Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta) mar chuid dá Straitéis Chorpáraideach 2024 – 2028, lena chinntiú go ndéantar inbhuanaitheacht a mheas i seachadadh orduithe agus bealaí oibre an GBCN. Tugann sé seo tosaíocht do ghníomhú ar son na haeráide mar phríomhchuspóir straitéiseach.

Féachann Straitéis Gníomhaithe ar son na hAeráide de chuid an GBCN lena chinntiú go dtógann an GBCN ar a ról ceannaireachta san airgeadas inbhuanaithe agus go ndéanfar eagraíocht astuithe glan-nialasach de faoi 2030, agus ag an am céanna tacú le haidhm an Rialtais maidir le neodracht aeráide faoi 2050.

Tá ról tábhachtach ag an GBCN chun tacú leis an Rialtas agus a chuspóirí aeráide á gcomhlíonadh aige, agus ag an am céanna tá sé ag gníomhú mar sheoladán idir an earnáil phoiblí agus an earnáil phríobháideach. Tá an aeráid á comhtháthú go gníomhach aige ina chuid sainorduithe agus ina phróisis inmheánacha cinnteoireachta gnó le roinnt blianta anuas. Léirítear é seo ar fud na heagraíochta, i gcur i bhfeidhm sainorduithe atá ann cheana féin agus i sainorduithe nua agus i struchtúir rialachais agus chuntasachta, chun an eagraíocht a shuíomh chun a hoibleagáidí gníomhaithe ar son na haeráide a chomhlíonadh.

Tá príomhspríocanna na straitéise bunaithe ar an NGÁ gníomhú anois: chun Glan-Nialas a bhaint amach; a Leabú; a Rannpháirtíú; agus a Nochtadh; agus léiríonn siad an obair atá ar siúl faoi láthair le spríocanna leagtha síos chun gníomhartha an GBCN a fheabhsú tuilleadh chun tacú le gealltanais an Rialtais i leith gníomhú ar son na haeráide. Tá Straitéis Gníomhaithe ar son na hAeráide de chuid an GBCN foilsithe ar shuíomh gréasáin an GBCN.

Tá seirbhísí An Post agus Fexco faighte ag an gCuideachta, a dhéanann a ngnó thar ceann na Cuideachta faoi bhreithnithe conarthacha ar leith, lena n-áirítear prionsabail Comhshaoil, Shóisialta agus Rialachais Chorporáidigh (ESG) a chur chun cinn i gcoitinne agus de réir mar a bhaineann siad le soláthar seirbhísí do Chuideachta na mBannaí Duaise.

Aithníonn Fexco a fhreagracht cur go dearfach leis an tsochaí agus leis an gcomhshaoil, taobh le feidhmíocht airgeadais. Le trí bliana anuas, tá an Grúpa tar éis leanúint lena straitéis ESG a chur chun cinn agus a leabú mar chroíchuid dá straitéis chorporáideach. Tacaíonn struchtúir láidre rialachais agus freagrachtaí atá sainithe go soiléir le seachadadh na straitéise thar gach gnó agus suíomh. Comhtháthaítear breithnithe ESG sa chinnteoireacht oibríochtúil agus straitéiseach. Léiríonn sé seo tiomantas eagraíochtúil aibíochta do chleachtais ghnó inbhuanaithe.

Ag An Post, “is é is aidhm dúinn beart a dhéanamh ar mhaithe le leas an phobail agus caighdeán na beatha in Éirinn a fheabhsú, anois agus do na glúine atá le teacht”. Le láithreach t i ngach contae agus pobal, tá ról ríthábhachtach againn chun tacú le daoine, le gnólachtaí agus le seirbhísí poiblí ar fud na tíre. Tugann an teacht náisiúnta seo freagracht agus deis dúinn araon chun tionchar dearfach comhshaoil agus sóisialta a thiomáint ar scála ollmhór. Gach lá, cuireann an inbhuanaitheacht gach gné dár ngnó ar an eolas agus cuireann sé ar ár gcumas gníomhú sna réimsí is tábhachtaí dár bhfostaithe, dár bpobail agus dár ngnó. Creidimid i gcumhachtú a dhéanamh ar phobail áitiúla trí ghréasán sár-rochtana Oifigí an Phoist agus ár n-oibrithe poist. Is í an fhís atá againn maireachtáil inbhuanaithe a dhéanamh coitianta in Éirinn. Trínár seirbhísí, ár ngréasán agus ár gcomhpháirtíochtaí, cabhraímid le daoine agus le gnólachtaí roghanna praiticiúla laethúla a dhéanamh a théann chun sochair don aeráid, don phobal agus don

2. Gníomhartha

Tiomáineann an inbhuanaitheacht muid chun oiriúnú a dhéanamh agus chun athruithe a chur i bhfeidhm ar an oibríocht a sholáthraíonn buntáistí fadtéarmacha, go háirithe maidir le fachtóirí comhshaoil agus sóisialta.

Mar thoradh ar athruithe próisis a tharla le cúig bliana anuas, tháinig laghdú iomlán de bhreis is 359,000 earra páipéir in 2025, i gcomparáid le 260,000 earra in 2024.

Déanaimid ár ndícheall freisin ár n-eispéireas custaiméara a fheabhsú ar bhealach inbhuanaithe. In 2025, tháinig méadú 15% ar iarratais ar aisíocaíocht ar líne i gcomparáid le 2024. Ligeann tairseach ar líne Choigiltis Stáit na hÉireann do chustaiméirí a gcuid sealúchais a bhainistiú, idirbhearta a fheiceáil agus a rogha íocaíochta duaise a roghnú. Cuirfear réitigh dhigiteacha a chomhtháthaíonn inbhuanaitheacht bhreise i bhfeidhm sa todhchaí dár gcustaiméirí.



COIGILTEAS
STÁIT NA
hÉIREANN

IRELAND
STATE
SAVINGS

An Chuideachta Duais-Bhannaí
(Cuideachta Gníomhaíochta Ainmnithe)
Seoladh Cláraithe na Cuideachta
Ard-Oifig an Phoist,
Sráid Uí Chonaill Íochtarach,
Baile Átha Cliath 1, D01 F5P2
0818 20 50 60 / 01 705 7200
Statesavings.ie